

SGÉAL NA GCAILLEACHA DRAOIDHEACHTA.

Ó dheas den domhan a bhí an t-oileán seo agus ní raibh aon soitheach ag dul tar an áit nach mbátfaidhi. Ní raibh fhios cé ba cionntach leo bhí soitheach annsin le dul tairis agus bhí baramhuil ag an gcaiptín go mbíodh na soithigh dá mbáthadh ann nuair a bhíodh said ag tharris.

Nuair a bhí sé ag teanaadh leis an oileán phacáil sé cluasa na máirnealach agus an máirnéalach an fear a bhíonns ag gabhail an tsoithigh le ócú i riocht is nach gcloisfeadh said rud ar bith sul dhá ndearna sé seo dubhairt sé leob é féin a ceangailt de chrann an tsoithigh agus pé bí céard a bheadh sé a dheanamh nó a rádh gan aon áird a thabhairt air ach an soitheach a choinneáil ceart nó go nglanfadh said tar an oileán.

Nuair a tháinig said os coinne an oileán seo bhí an triúr cailleacha seo le feiceáil amuic ar bhrúach na farrge os cionn aill agus ní raibh aon cur síos leis an bfoinn breagh a bhí aca. Nuair a chuala an caiptín iad is é ceanguilte den crann bhí sé dá mharbú féin ag iarraidh ar na máirnéalaigh é a sgaoileadh den chrann nó go scaoilfeadh sé isteach an soitheach.

Nuair a bhí an soitheach glanta tar an oileán chaith na trí cailleacha draoidheachta seo iad féin amach i ndiadh a mullach sa bhfarrge gur báthadh iad agus níor éirigh aon bhlas daon soitheach ariamh ó shoin a bhí ag dul tar an oileán.

11.10.31.